

Miontuairiscí an Bhoird Iniúcháireachta

Dáta: 20 Márta 2026

Suíomh: Sráid an Mhéara

Ag an gcruinniú: Seamus McCarthy, ARC&C (Cathaoirleach)
Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúcháireachta
Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúcháireachta
Mitchell McIntyre, Leas-Stiúrthóir, rúnaí an Choiste Iniúcháireachta
Bhí Paul Southern, An Leas-Stiúrthóir, i láthair le haghaidh mhíreanna 9 agus 10 den chlár oibre

Imeacht an Stiúrthóra Iniúcháireachta

Thug an Bord dá aire go bhfuil Deirdre Quaid, Stiúrthóir Iniúcháireachta, ar tí imeacht chuig ról mar Ard-Bhailitheoir in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim trí scéim soghluaisteachta na rúnaithe cúnta. Ghlac an Bord buíochas le Deirdre as an méid a rinne sí d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i ról éagsúla thar na blianta agus ghuigh siad gach rath uirthi ina ról nua.

1. Socrú an chláir oibre

Socraíodh an dréacht-chlár oibre.

2. Breacadh síos aon choimhlinte leasa

Níor tuairiscíodh aon choimhlint leasa maidir leis na míreanna a bhí le plé ag an gcruinniú.

3. Miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo, cúrsaí atá ag teacht aníos agus liosta gnímh

Comhaontaíodh ar mhiontuairiscí an chruinnithe ar an 5 Nollaig 2025 le mionleasuithe agus faomhadh iad dá bhfoilsíú ar inlín na hOifige agus ar an suíomh gréasáin.

Rinneadh athbhreithniú ar an liosta gnímh agus pléadh é.

- Thug an Bord dá aire go gcuirfear oiliúint a bheidh dírithe ar thástáil na n-íocaíochtaí ginearálta agus ar bhainistiú conarthaí i bhfeidhm faoi thús mhí Aibreáin.
- Thug an Bord faoi deara go n-eiseofar sraith tástálacha a bhaineann le Caighdeán Chuntasaíochta an Rialtais Láir faoi dheireadh Mhárta 2026.
- Thug an Bord faoi deara gur bhuail an Oifig leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i ndáil leis na forálacha maidir le ráitis airgeadais deiridh a ullmhú agus a iniúchadh, ar ráitis iad ba cheart a chur san áireamh i reachtaíocht lena ndíscaoiltear eintiteas. Áireoidh an Roinn foráil sa chéad athbhreithniú eile ar Nósanna Imeachta an Airgeadais Phoiblí. Dúnadh an pointe gnímh seo.
- Phléigh an Bord an gníomh deiridh agus d'aontaigh siad go scríobhfaí ar bhealach eile é amhail “dul i mbun plé leis an Roinn Airgeadais arís i ndáil leis na tograí reachtacha a tháinig chun cinn as an bpiarmheasúnú in 2020”.

4. Baol atá ag Teacht Chun Cinn

I ndáil le himeacht an Stiúrthóra Iniúcháireachta, ghníomhachtaigh an Oifig a nós imeachta maidir le bagairtí féideartha d'oibiachtúlacht nó do neamhspleáchas a láimhseáil i gcás ina dtagann comhalta foirne chun cinn le bheith mar chuid de chomhlacht a ndearnadh iniúchadh

air. Ag an bpointe seo, níor shainaithin an Oifig aon bhagairt d'oibiachtúlacht nó do neamhspleáchas agus tá socruithe curtha i bhfeidhm chun bagairtí a sheachaint.

I gcomhréir le beartas na státseirbhíse, bainisteofar an comórtas chun folúntas Stiúrthóir Iniúchóireachta (Rúnaí Cúnta) a líonadh tríd an gCoimisiún um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC). Mar phróiseas caighdeánach TLAC, postálfar ar dtús é trí scéim soghluaisteachta na rúnaithe cúnta. Mura dtagann aon iarrthóir oiriúnach chun cinn ón bpróiseas sin, reáchtálfar comórtas oscailte. Thug an Bord faoi deara go mb'fhéidir nach líonfaí an folúntas go dtí R4 2026 má theastaíonn comórtas oscailte.

Phléigh an Bord tionchar imeacht an Stiúrthóra Iniúchóireachta ar línte tuairiscithe. D'aontaigh an Bord socruithe a chur i gcrích tar éis an chruinnithe.

Thug an Bord faoi deara an riosca atá ag teacht chun cinn a bhaineann le taisteal eachtrach i ngeall ar an gcás geopholaitiúil reatha. Thug sé faoi deara na socruithe nua a cuireadh i bhfeidhm chun taisteal idirnáisiúnta a bhainistiú lena n-áirítear ceadú ón Oifigeach Cuntasáíochta.

D'fhéadfadh dúshláin a bheith ag baint le haon mhoill maidir le reachtaíocht a rith chun an t-iniúchadh ar RTÉ a shannadh don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i ndáil leis an gcéad iniúchóireacht a dhéanamh. Forbróidh an Oifig teagmhais chun aghaidh a thabhairt ar aon rioscaí a eascraíonn as moill maidir le reachtaíocht a rith.

5. Clár iniúchóireachta airgeadais (páipéar A)

Thug an Bord dá aire an páipéar, inar tuairiscíodh an toradh a bhí ar thrí sprioc PTF um iniúchóireacht airgeadais de chuid na hOifige don bhliain 2025.

- Deimhníodh 97% de na cuntais, arna dtomhas de réir an láimhdeachais, laistigh de 9 mí ó dheireadh na bliana, i gcomparáid leis an sprioc 95%.
- Deimhníodh 69% de na cuntais, arna dtomhas de réir lín, laistigh de 9 mí ó dheireadh na bliana, i gcomparáid leis an sprioc 70%.
- bhí seacht gcuntas deireadh bliana 2024 i riaráiste ag deireadh 2025, i gcomparáid le ceithre chuntas deireadh bliana 2023 i riaráiste ag deireadh 2024.

Phléigh an Bord stádas gach iniúchta i riaráiste. Deimhníodh péire de na cuntais agus tá an dá chuntas eile beagnach socraithe.

6. Iniúchóireacht feidhmíochta

Clár iniúchóireachta feidhmíochta (Páipéar B)

Thug an Bord dá aire stádas na n-iniúchóireachtaí feidhmíochta leanúnacha.

Clúdach iniúchóireachta feidhmíochta de réir earnála (páipéar C)

Thug an Bord dá aire an páipéar ina ndéantar comparáid idir toradh na hiniúchóireachta feidhmíochta le linn na tréimhse 2022 go 2025 agus minicíocht ionchasach an chlúdaigh tuairiscithe d'earnálacha aonair atá faoi réir a n-iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. D'iarr an Bord dhá mhionathrú ar an bpáipéar.

7. Iniúchtaí nua/iniúchtaí deiridh (páipéar D)

Phléigh an Bord an páipéar agus aontaíodh na hathruithe a cuireadh i láthair a chur i bhfeidhm. D'iarr an Bord leasuithe chun na hathruithe sna Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2026 a léiriú, is é sin Vóta Uisce Éireann a chur leis faoi iniúchóireachtaí nua agus Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais agus an Oifig um Sholáthar Rialtais a chur leis faoi eintitis atá á ndíscailleadh. Sholáthair an Bord freisin sannadh ceann de na hiniúchtaí nua agus mionleasuithe eile.

8. Athbhreithniú ráithiúil an Oireachtais (páipéar E)

Phléigh an Bord an páipéar seo.

9. Taifead nochta (páipéar F)

Phléigh an Bord an páipéar, ina leagtar amach sonraí achoimre na gcásanna nochtuithe atá oscailte faoi láthair agus iad siúd atá dúnta ón gcruinniú deireanach.

In 2025, cuireadh 13 thuarascáil faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoin éagóir líomhnaithe a dúradh a tháinig ar aird na dtuairisceoirí i gcomhthéacs oibre agus a bhain le comhlachtaí faoi shainchúram an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

10. Tuarascálacha maidir leis an gcóras bainistíochta cáilíochta 2025 (páipéir G agus G.1)

Luaigh an Bord an tAthbhreithniú bliantúil ar an gcóras bainistíochta cáilíochta 2025.

Phléigh an Bord Ráiteas 2025 ar an gcóras bainistíochta cáilíochta agus d'aontaigh siad lena fhoilsiú faoi réir roinnt mionathruithe.

11. Tuarascáil gníomhaíochta idirnáisiúnta 2025 (páipéar H)

Thug an Bord an páipéar seo dá aire ina dtugtar breac-chuntas ar rannpháirtíocht na hOifige le comhlachtaí idirnáisiúnta agus comhghleacaithe i ndlíní eile le linn 2025. D'iarr an Bord roinnt mionathruithe.

12. Aon ghnó eile

Thug an Bord dá aire go bhfuil na litreacha toscaireachta athbhreithnithe á n-eisiúint sa Mhárta agus d'aontaigh siad gur cheart na litreacha a eisiúint chuig gach leas-stiúrthóir a bhfuil níos mó ná taithí bliana acu sa ghrád.

Beidh an chéad chruinniú eile de chuid an Bhoird Iniúchóireachta ar siúl ar an Aoine, an 17 Iúil 2026.